Oifig an Ard-Aighne

Ráiteas Straitéise

2011 – 2014

Clár

Réamhrá an Ard-Aighne

Intreoir an Ard-Stiúrthóra

Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna

Caibidil 2: Anailís ar an Imshaol Oibre

Caibidil 3: Spriocanna, Aschuir, Torthaí, Táscairí Feidhmíochta agus Straitéisí

Caibidil 4: Monatóireacht agus Tuairiscí ar an bhForfheidhmiú

RÉAMHRÁ AN ARD-AIGHNE

_____

Máire R Whelan, SC
Ard-Aighne

INTREOIR AN ARD-STIÚRTHÓRA

_____

Liam O'Daly
Ard-Stiúrthóir

Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna

Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne, seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Is comhairleoir dlí don Rialtas í an tArd-Aighne agus is oifigeach bunreachtúil í. Is iad cliaint an Ard-Aighne ná an Rialtas in iomlán, Airí Rialtais agus na Ranna a bhfuil siad i gceannas orthu. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar
- seirbhísí aturnae a sholáthar, lena n-áirítear tíolacas agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.
- Cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus í i mbun a cuid feidhmeanna mar a chuirtear síos orthu in alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924, agus Airteagal 30 den Bhunreacht.

Abhcóide Comhairleach

Tá taobh comhairleach na hOifige roinnte i gcúig sain-Ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha a chlúdaíonn gach mórspeisialtacht (réimse ábhair) dlí. Ina theanntasan, tá an Leas-Ardstiúrthóir agus Ceann dlí an AE agus ECHR, freisin, freagrach as sainréimsí ábhair. Sainfheidhmíonn Abhcóidí Comhairleacha, cuid mhór, i réimsí ilghnéitheacha dlí. Tá tacaíocht chléireachais tiomnaithe ag gach Grúpa Comhairleach, a bhfuil taithí acu ar ghnó an Ghrúpa.

Tá an raon ábhar a chlúdaíonn na Grúpaí an-fhairsing, ach baineann na himeachtaí féin le trí réimse feidhmiúla, mar atá:

(a) soláthar comhairle;

(b) treo na dlíthíochta;

(c) comhairle dlí i soláthar na seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

Mar aon leis na hAbhcóídí Comhairleacha laistigh den Oifig, leanann an Oifig lena sannú Abhcóide Comhairleach ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann

don Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Agus, freisin, sanntar Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht do 11 Roinn Rialtais.

Dréachtóirí Parlaiminte an Rialtais

Tá Oifig na nDhréachtóirí Parlaiminte don Rialtais comhdhéanta d'fhoireann saindlíodóirí atá oilte i ndisciplín dhréachtú na reachtaíochta. Is é sprioc ODP, sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas atá ar ardchaighdeán, gairmiúil agus éifeachtúil.

Is í príomhobair ODP na billí Rialtais a dhréachtú atá le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus reachtaíocht thánaisteach áirithe, nuair is cuí, do Ranna Rialtais nó Oifigí, lena n-áirítear ionstraimí a thrasuíonn reachtaíocht an AE sa dlí baile faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach. Tá ODP páirteach go gníomhach i bhforbairt an bheartais maidir le Rialáil Níos Fearr, i gcomhar le Roinn an Taoisigh, agus cuimsíonn a cuid oibre athchóiriú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil i gcomhthéacs an Chláir um Athchóiriú Rialála.

Tá an OPC eagraithe i dtrí Ghrúpa, a bhfuil freagracht ar gach ceann acu as soláthar seirbhísí dréachtaithe do Ranna agus Oifigí sainiúla Rialtais. Tá foireann thiomanta tacaíochta chléireachais a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit eagraithe i gcúig rannóg dhlíthiúla. Is éard atá i gceist leis na Rannóga sin, Dlí Phoiblí, Seirbhísí Tearmainn agus Seirbhísí Dlí, Maoin Stáit, Ceartas agus an Dlí Coiteann agus Comhairleach. Tá gach Rannán eagraithe i Rannóga ar bhonn chosúlacht na hoibre nó an chliaint. Glacann an eagraíocht príomhéilimh na gcliant san áireamh chomh maith le roinnt éileamh a dhéanfar ar an Oifig amach anseo, cosúil le cumas chun freagairt a thabhairt ar ghníomhartha a bhaineann leis an CECD, rannpháirtíocht mhéadaithe leis an CEB, méadú i líon na mbarántas gabhála Eorpach a fuarthas ó thíortha eile san AE agus éileamh níos mó ar chomhairle maidir le Soláthar Poiblí agus Conarthaí Tráchtála. Glacann an struchtúr seo na dúshláin bhainistíochta don Oifig san áireamh chomh maith, go háirithe na dúshláin a chruthaíonn an clár do nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

Riarachán

Tá Aonaid riaracháin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun tacaíocht a thabhairt d'obair na foirne dlí trí sheirbhísí ghairmiúla tacaíochta corparáideacha a

sholáthar, cosúil le hAcmhainní Daonna/Oiliúint agus Forbairt, Airgeadais/Cuntais, Seirbhísí Corparáideacha, Tacaíocht Chléireachais, Tacaíocht Phríobháideach Oifige, Bainistíocht ar Athrú, Teicneolaíocht Faisnéise, Iniúchadh Inmheánach, Clárlann/Clárlann agus Ionad Taifead agus Leabharlann agus Fios Gnó.

Suíomh Gréasáin

Cuireann suíomh gréasáin na hOifige, ag www.attorneygeneral.ie , eolas níos mionsonraithe ar fáil.

Caibidil 2 : Anailís ar an Imshaol Oibre

Réamhrá

Bíonn tionchar ag an imshaol oibre ar nádúr na hoibre dlí agus, freisin, ar an dóigh ina ndéantar í (lena n-áirítear cumas na hOifige a ráiteas bunchuspóra a chomhlíonadh). Go minic, tarlaíonn athruithe imshaoil de bharr forbairtí reachtaíochta agus beartais baile agus an AE, dúshláin dhlíthiúla agus cinntí cúirte agus forbairtí rialachais na Státseirbhíse. Ar na príomhthiománaithe athruithe faoi láthair tá an Clár don Rialtas, géarchéim fhioscach agus baincéireachta an Stáit, leibhéal na n-acmhainní a leithdháileadh don Oifig agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí ("Páirc an Chrócaigh").

Ní mór don Oifig an cumas a choinneáil freagairt go héifeachtúil tráthúil d'athruithe nuair a éiríonn siad. Is príomhghné den imshaol oibre í, freagairt d'iarratais ar chomhairle, bíodh siad práinneach nó a mhalairt. Is gá pleanáil go cúramach chun an obair a riar agus, go háirithe, an dóigh ina roinntear í idir na hOifigí, agus idir na baill foirne, d'fhonn an acmhainnn a uasmhéadú.

Leagann an Clár don Rialtas síos na tosaíochtaí is gá a mheas i gcomhthéacs forbartha na Ráiteas Straitéise nua. Mar sholáthróir seirbhísí dlí, cinneann cliaint dár gcuid – na Ranna agus Oifigí Rialtais a fhormálann agus a fhorfheidhmíonn beartas an Rialtais – tosaíochtaí na Oifige cuid mhaith. Beidh tionchar ag tosaíochtaí straitéiseacha seo an Rialtais ar an Oifig, i dtéarmaí an éilimh mhéadaithe ar chomhairle agus ar bhreis reachtaíochta, go háirithe maidir le baincéireacht agus seirbhísí airgeadais; géarchéim fhiachas ceannasach an Euro; forfheidhmiú geallúntas chomhaontú an AE/IMF; cánachas; pá agus pinsin na hearnála poiblí; athchóiriú an dlí faoi fhiachas pearsanta; dreasú cúrsaí gnó; athruithe ar na phríomhranna lárnacha; rialachas airgeadais an Stáit; leasuithe ar na hAchtanna Airí agus Rúnaithe agus ar an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí; réasúnú na ngníomhaireachtaí Stáit; luach ar airgead a fháil i gcás seirbhísí dlí agus déileáil le dlíthíocht; reifrinn atá beartaithe chun an Bunreacht a leasú; athruithe atá beartaithe don tseirbhís sláinte; saincheisteanna cosanta páistí, go háirithe seiceáil agus tuairisciú; dlí na fostaíochta agus an dlí comhshaoil. Is é an dúshlán don Oifig sa cheithre bliana atá romhainn, éifeacht a thabhairt do na tosaíochtaí seo, fad a mbainimid úsáid optamach as a hacmhainní uile.

Fad a bhí an Ráiteas nua Straitéise seo á fhorbairt, rinne an Oifig athbhreithniú ar an imshaol ina soláthraíonn an Oifig seirbhísí dlí, d'fhonn réamh-mheastachán a dhéanamh faoin dóigh ina bhféadfadh an t-imshaol sin athrú sa chéad thréimhse cheithre bliana eile. Tá straitéisí forbartha againn a bheadh oiriúnach do na hathruithe sin. Soláthróidh an Oifig seirbhísí dlí i gcomhthéacs athruithe polaitíochta, airgeadais, geilleagair, sóisialta, teicniúla agus eile sa tréimhse sin.

Saindúshláin

Bainistiú Acmhainní

Cruthóidh an staid an-deacair fhioscach saindúshláin don Oifig sa chéad thréimhse cheithre bliana eile, lena n-áirítear leithdháiltí laghdaithe airgeadais sa bhliain agus leibhéil laghdaithe foirne. Tabharfaidh an Oifig aghaidh ar na dushláin seo trí bhainistiú cúramach a hacmhainní d'fhonn aschur a uasmhéadú agus ardchaighdeán na seirbhísí dlí a choinneáil.

Cuimsíonn na dúshláin a d'fhéadfadh bheith ag na hOifigí sna ceithre bliana romhainn:

- An méid breise a bhfuil saincheisteanna an dlí phoiblí, lena n-áirítear sainmhíniú reachtaíochta agus cinnteoireacht riaracháin, ina n-ábhair dhúshláin dhlíthiúil;
- Iarthorthaí féideartha breithiúnas in aghaidh an Stáit, agus na costais mhóra i gcás cinntí dliteanais in aghaidh an Stáit i gcásanna dá sórt;
- A chinntiú go gcuirtear treoracha cuí ar fáil i gcás dlíthíochta ina bhfuil an Stáit páirteach, maraon le iarratais ar dhréachtú reachtaíochta agus obair chomhairleach chun úsáid acmhainní a optamú agus dúbláil agus ró-úsáid na hOifige a sheachaint;
- Dlí nua i réimsí mar airgeadas poiblí agus cánachas faoi Chlár an AE/IMF; dlí an AE a bhaineann le rialachas eacnamaíochta baile; cobhsú an Euro; baincéireacht; árachas; dlí cuideachta agus rialachas corparáide; cúrsaí rialála; riar buiséad; iomaíochas; cónascadh gníomhaireachtaí Stáit, athchóiriú seirbhísí dlí, Cúnaimh Stáit; saincheisteanna faoi mhaoin Stáit; athruithe ar choinníollacha fostaíochta na Seirbhíse Poiblí agus leasuithe molta don Acht Airí agus Rúnaithe agus don Acht um Bainistiú

na Seirbhíse Poiblí. Beidh na leasuithe atá molta ar an mBunreacht agus ar mhaoirsiú méadaithe an Oireachtais ar reachtaíocht an AE, coimpléascach. Leanfaidh an dlí comhshaoil agus saincheisteanna dlí a bhaineann le foinsí fuinnimh ag ardú saincheisteanna suntasacha. Beidh forbairtí nua ag leibhéal an AE i réimse na Saoirse, Slándála agus an Cheartais, an Chairt Bunchearta, bearta nua bainteach le dlí agus gnáthamh coiriúil, agus ceisteanna maoine intleachtúla, ina réimsí mórshaothair. Beidh saincheisteanna cosanta páistí, go háirithe tuairisciú agus seiceáil, ina réimsí tábhachtacha i gcónaí. Na hathruithe sa tslí ina sheachadtar seirbhísí sláinte, lena n-áirítear an t-árachas uilíoch sláinte atá molta, maraon le saincheisteanna dosheachanta nua dlí a éireoidh de bharr athruithe ar an mbeartas sláinte agus seirbhísí sóisialta, éileoidh siad dlúth-theagbháil mhionsonraithe idir an Oifig agus páirtithe leasmhara. Beidh tionchar ag na cursaí uile seo ar an Oifig i dtéarmaí iarratas ar chomhairle, dréachtú reachtaíochta agus seribhísí eile dlí.

- Tá tionchar méadaithe, freisin, ag forbairtí eolaíochta, míochaine agus teicneolaíochta ar chúrsaí dlí a bhfuil baint ag an Stát leo;

- Líon méadaithe, coimpléascacht agus raon na dtionscnamh ag leibhéal an AE;

- Bainistiú an éilimh mhéadaithe ar mhodhanna ardluais ilúsáideora cumarsáide le haghaidh plé agus eisiúint comhairlí formálta ;

- Sainaithint seirbhísí a bhféadfadh comhlachtaí eile iad a dhéanamh ar chostas níos lú.

Cuimsíonn na dúshláin a éiríonn maidir le dréachtú reachtaíochta:

- Éileamh méadaithe:-

  (a) ar dhréacht-reachtaíocht de choimpléascacht agus práinn éagsúil, le tagairt ar leith do chomhlíonadh spriocdhátaí an AE/IMF;

  (b) ar bhearta an AE a fhorfheidhmiú agus a thrasuíomh laistigh d'amchreata teanna, de bharr athruithe a d'éirigh, go sonrach, as Conradh Liospóin agus gnáthaimh forghníomhaíochta brostaithe;

  (c) ar dhréacht-reachtaíocht a tháirgeadh a ligfeadh d'Éirinn coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú;

(d) ar leasuithe chéim an Choiste agus na Tuarascála do Bhillí Rialtais, agus

- Éascú pleanála agus comhordaithe níos fearr:-

  (a) idir an Oifig agus Ranna Rialtais ar obair dhréachtaithe chun úsáid optamach a aimsiú trí roghnú tosaíochtaí;

  (b) ag leibhéal na Ranna, maidir le ceapadh agus críochnú saincheisteanna beartais, agus comhordú a fheabhsú idir Ranna Stáit maidir le ceapadh beartais ar reachtaíocht crosghearrtha;

- Cruthóidh na reifrinn atá molta i gClár an Rialtais dúshláin chomhairleacha agus dréachtaithe a bheidh measartha mór.

Cuimsíonn dúshláin maidir le foghlaim eagraíochtúil agus Bainistiú Eolais:

- Mar Oifig dlí eolas-bhunaithe, leabharlann ardchaighdeáin onnghníomhach dlí agus inlíon oifige a choinneáil mar phríomhfhoinsí eolais; cultúir chomhroinnte faisnéise agus saineolais inmheánaigh a chothú, a chinntíonn ardleibhéal comhroinnte Eolais, go háirithe trí Fios Gnó dlíthiúil a ghabháil agus a scaipeadh.
- Freastal ar riachtanais oiliúna na nuaball foirne – agus leanúint le forbairt ghairmiúil na foirne uile, lena n-áirítear coinneáil suas le forbairtí dlí agus eagraíochta in oifigí dlí eile sa bhaile agus thar lear, agus páirtíocht leanúnach ag an bhfoireann dlí agus eile in imeachtaí na gcumann dlí, eagraíochtaí agus comhlachtaí gairmiúla.
- Íoslaghdú caillteanas eolais agus scileanna de bharr an laghdaithe i líon na foirne agus cúrsaí scoir.
- Forfheidhmiú Straitéis Bainistithe Eolais na hOifige 2010 – 2013;
- Críochnú agus forfheidhmiú nuafheidhm Fios Gnó Dlíthiúil, d'fhonn cur le forbairt leanúnach fios gnó dlíthiúil san Oifig.

Cuimsíonn na dúshláin maidir le próisis agus córais ghnó:

- An Córas Bainistíochta Airgeadais a fheabhsú agus a chomhtháthú le Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead na hOifige chun tuairiscí cuimsitheacha bainistíochta agus fabhrú airgeadais costasbhainteach a sholáthar;

- Críochnú agus forfheidhmiú áis cheapadóireachta chun próiseas táirgthe téacs reachtaíochta a fheabhsú a thuilleadh;
- A chinntiú go gcomhlíontar dualgais tuairiscthe lena n-áirítear Tuairiscí ar Dhul Chun Cinn fhorfheidhmiú na bpríomhchuspóirí sa Ráiteas Straitéise, agus Treoirleabhar Seirbhísí Cliant 2011-2014 Oifig Shráid Mhuirfean, Plean Gníomhaíocht Custaiméara Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 2011-2014, Cairteacha Cliant agus Custaiméirí 2011-2014 agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2011-2014. Cuirfidh siad seo le Tuarascálacha Bliantúla na hOifige;
- Tomhas, monatóireacht agus tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le aimsiú ár gcuspóirí;
- Seachadadh Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí ina ghnéithe uile.

Comhthéacs Inmheánach

Cliaint, Custaiméirí agus Seachadadh Seirbhíse

Féachann an Oifig chuige go bhfuil an caidreamh le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí seachtracha á mbainistiú ar bhealaí freagrúla, d'fhonn déileáil le saincheisteanna casta crosghearrtha a bhfuil comhairliú roinnt Ranna nó gníomhaireachtaí ar ábhar aonair bainteach leis.

(a) Grúpáiltear agus sanntar an fhoireann dlí do liosta áirithe réimsí ábhair ar an taobh comhairleach, do roinnt Ranna ar an taobh dréachtaithe reachtaíochta agus cnuasach de shainréimsí nó cineál dlíthíochta, de réir mar a mheastar a bheith cuí, in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Is gá go mbeadh solúbthacht eagraíochta ann atá i gcothrom lena cumas an chomhairle ardleibhéil a éilíonn an Stát a thabhairt, i gcomhthéacs forbartha polasaí i réimsí áirithe, leis an gcur chuige níos mionsonraithe atá de dhíth i réimsí eile. I bhfianaise líon teoranta foirne na hOifige, tá sé tábhachtach, freisin, go mbeadh raon saineolais ann chun riachtanais na foirne a chlúdach, agus nuair a d'éireodh saincheisteanna práinneacha.

(b) I measc na neart a thugann an Oifig agus baill indibhidiúla den fhoireann dlí chuig a sainghrúpaí tá, an t-eolas san Oifig faoin tslí ina oibríonn an Stát agus an Rialtas, agus an próiseas reachtaíochta; a forbhreathnú, láithreach agus stairiúil, ar na ceisteanna dlí atá ábharthach don Stát; a dea-chaidreamh le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, agus taithí phraiticiúil thaobh na comhairle ar go leor saincheisteanna a bhfuil reachtaíocht á rith dóibh.

(c) Toisc go bhfuil na réimsí a chlúdaíonn na grúpaí fairsing, is gá don Oifig rochtain ar shainchomhairleoirí chun roinnt saincheisteanna a scrúdú go mion. Ina theanntasan, forbróidh an Comhairleoir Comhairleach atá ar iasacht i Ranna saineolas ar leith agus beidh sé in ann rochtain ar shaineolas ó Ranna.

(d) I dteannta na socruithe oibre a luadh thuas, leithdháileann an Oifig acmhainní ar bhonn solúbtha chun déileáil le mórthionscadail phráinneacha. Éilíonn riachtanais cliaint ar ábhair mhórthábhachta don Stát freagrúlacht láithreach na hOifige, maille le saineolas agus an cumas feidhmiú i gcomhthéacs casta ildhisciplíne i gcomhar le dlíodóirí seachtracha, páirtithe leasmhara agus saineolaithe eile.

(e) Úsáideann an Oifig taighdeoirí dlí a sholáthraíonn seirbhís luachmhar taighde atá acmhainn-éifeachtúil don fhoireann, agus a fheabhsaíonn an caighdeán comhairle dlí agus a stórálann í don todhchaí. Is acmhainn thábhachtach faisnéise é inlíon na hOifige. Éiríonn linn cultúr na foghlama agus comhroinnt eolais agus saineolais inmheánaigh a chothú, *inter alia*, tríd an mbunachar sonraí Fios Gnó, trí chruinnithe faoi shaincheisteanna dlí, seimineáir intí, scaipeadh na bhfeasachán feasachta reatha agus trí oiliúint ábhartha dlí agus eile a choinneáil ar siúl.

(f) Tá an bhéim i gcónaí ar a chinntiú go soláthraíonn an Oifig seirbhís ghairmiúil oibiachtúil neamhspleách agus rúnda.

(g) Aimsíodh laghduithe suntasacha ar tháillí comhairleoirí sa 3 bliain atá caite. Is polasaí na hOifige é aisghabháil costas a lorg nuair a dhámhtar costais don Stát. I Samhain 2010, d'eisigh an Oifig treoir cleachtais maidir le aisghabháil costas agus éilítear anois ar na Cinn Rannóige Dlí in OPAS tuairisciú go démhíosúil do MAC ar an dul

chun cinn maidir le aisghabháil costas. Aithníodh aisghabháil costas, freisin, mar chroí-inniúlacht PMDS d'fhoireann dlí OPAS i 2011. Is cóir, áfach, go laghdódh na straitéisí eile a luaitear i gCaibidil 3 bille costais dlí an Stáit, freisin.

Comhpháirtíocht

Aithníonn an Oifig go bhfuil sé tábhachtach cur chuige na Comhpháirtíochta a chothú nuair atá cultúr an athraithe á fhorbairt laistigh den Oifig.

Próisis agus Córais Gnó

(a) Cumasaíonn córas bainistithe cásanna agus taifead (ACME) na hOifige rochtain na foirne dlí ar na comhaid agus taifid dlí uile atá á gcoinneáil ann. Coinníonn an córas seo r-chomhad iomlán de na comhaid dlí, lena n-áirítear comhaid dlíthíochta san Oifig. Fágann seo an Oifig dea-eagraithe má athnuaitear tionscnamh na r-Chúirte. Tá feabhsú leanúnach á dhéanamh ag an Oifig ar bhainistiú na gcomhad dlí i ngach réimse oibre, agus an comhéadan leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais, Agresso, a chríochnú.

(b) I gcomhthéacs an chláir, Rialáil Níos Fearr, agus chun an rochtain ghinearálta ar an Leabhar Reachtanna a fheabhsú, leanann an Oifig ag coinneáil Leabhar Reachtanna leictreonach na hÉireann (r-LRÉ) a chorpraíonn Achtanna Oireachtais, Ionstraimí Reachtúla agus an tEolaire Reachtaíochta ar an leagan gréasáin ar líne. Is cuid í an Oifig de Ghrúpa r-Reachtaíochta a ndéanann Roinn an Taoisigh cathaoirleacht air.

(c) Mar thoradh ar na srianta fioscacha reatha, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an Tionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil i 2010. Tá an Tionscadal atosaithe ag an Oifig ar bhonn costas laghdaithe. Simpleoidh Clár Athchóirithe an Dlí Reachtúil ina iomlán an Leabhar Reachtanna, agus tá sé i gceist costais dlí agus déanta gnó a laghdú agus bearta reachtaíochta an todhchaí a éascú mar bhuntáiste don Choimisiún Athchóirithe Dlí ina obair ullmhúcháin don Eolaire Reachtaíochta.

(d) Forfheidhmeofar feidhm Fios Gnó na hOifige agus codanna eile de Straitéis Bainistithe Eolais na hOifige 2010-2013 i 2012. Tionscnóidh an Oifig tionscadal i

2012 freisin chun cuidiú le cliant-Ranna bunachar sonraí de chomhairlí a chuir an Oifig ar fáil cheana a chruthú.

(e) Pléitear le Bainistiú Rioscaí, agus Oiliúint agus Forbairt i gCaibidil 3.

(f) Déanfaidh an Oifig athbhreithniú faoi Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúil an Rialtais chun cumas na hOifige i roinnt príomhréimsí a scrúdú, mar atá, straitéis, bainistiú seachadta agus measúnaithe, ag díriú ar ár gcumas déileáil go héifeachtach le dúshláin agus athruithe treo sa todhchaí [agus glacfar ar láimh tionscadail ar leith chun feidhmíocht a thagarmharcáil ag an leibhéal eagraíochtúil le eagraíochtaí i ndlínsí eile.]

Comhthéacs Seachtrach

Is dúshlán é na príomhthiománaithe seachtracha a mheas, toisc nádúr agus castacht an chomhshaoil sheachtraigh. Tugann athbhreithniú ar na héilimh ghairmiúla reatha le fios, áfach, go mbeidh na réimsí seo a leanas suntasach le linn thréimhse an Ráitis Straitéise seo.

(a) Is forbairt thábhachtach í maidir le sholáthar seirbhísí dlí don Stát, Comhairleoirí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht do roinnt Ranna Rialtais ina bhfónann siad mar Chomhairleoirí Dlí “intí”.

(b) Tá Comhairleoir Dlí tugtha ar iasacht ag an Oifig do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

(c) Cuireann an Oifig tuairiscí ar fáil don Rialtas ar chásanna íogaire agus bunreachtúla trí uaire sa bhliain. Sula gcuirtear chuig an Rialtas í, scaiptear an Tuairisc ar Ranna ábhartha chun cuidiú leo straitéisí cuí imshrianta a fhorbairt maidir le cásanna dá shórt.

(d) Déanfaidh Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (“Comhaontú Pháirc an Chrócaigh”) soláthar le haghaidh Seirbhíse Poiblí atá níos solúbtha, comhtháite agus níos freagrúla. Tá Plean Gníomhaíochta forbartha ag an Oifig a luann sainbhearta

chun seirbhís a choinneáil agus costais a laghdú. Éileoidh an Comhaontú, freisin, seirbhísí dlí ón Oifig. Ina theanntasan, beidh tionchar suntasach ar an Oifig, i dtéarmaí riachtanais agus éilimh ar sheirbhísí dlí a thuairisciú, ag na forbairtí lárnacha maidir le Rialachas d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, ag ailíniú príomhghnéithe ar nós Chlár an Rialtais, seachadadh comhordaithe na príomhleasúcháin trasRialtais, seachadadh leasúcháin chuig seirbhísí túslíne laistigh d'earnálacha ar leith, Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas, más ábhartha, agus Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Crócaigh).

(e) I gcomhthéacs leathan na Státseirbhíse, déanfaidh an Oifig i 2012 measúnú ar an ngá le cúrsaí breise a sheachadadh i gcomhar leis an Roinn um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú, chun státseirbhísigh a theagasc i gcúrsaí tábhachtacha agus ábhartha dlí ar nós dlí an AE, lena n-áirítear dréachtú Ionstraimí Reachtúla agus ullmhú reachtaíochta.

(f) cuimsíonn Lámhleabhar na Comh-aireachta, a d'fhoilsigh Roinn an Taoisigh, Treoirlínte do Ranna maidir le ullmhú Scéim Ghinearálta Bille agus do Ranna nó Oifigí a lorgaíonn comhairle dlí ón Oifig. Go minic caillltear am toisc go gcuireann Ranna agus Oifigí isteach iarratais, nár ullmhaíodh i gceart nó nach ndearnadh machnamh orthu, ar chomhairle nó ar dhréachtú dlíthiúil. Forbróidh an Oifig clár oideachais agus prótacail le Ranna agus Oifigí chun na bealaí is éifeachtaí idirghníomhaíochta leis an Oifig a chomhaontú.

(g) Forfheidhmeoidh an Oifig athchóirithe faoi Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí.

Caibidil 3: Spriocanna, Aschuir, Torthaí, Táscairí Feidhmíochta agus Straitéisí

Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne:

> Seirbhísí dlí den chaighdeán gairmiúil is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar shlí atá chomh tíosach éifeachtúil agus is féidir.

Sprioc Ardleibhéil 1

Tacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne i bhfeidhmiú a róil bhunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas.

Aschur

Soláthar comhairle agus ábhair mionteagaisc don Ard-Aighne le haghaidh cruinnithe Rialtais.

Toradh

Soláthar comhairle don Chomh-aireacht ar shaincheisteanna dlí a éiríonn as, agus atá géilliúil don dlí, chun beartais agus tosaíochtaí Rialtais a fhorfheidhmiú de réir an Bhunreachta, dhlí an Aontais Eorpaigh agus na ndualgas a éiríonn as conarthaí idirnáisiúnta.

Táscairí Feidhmíochta

- Soláthar na n-iarratas ar chomhairle ón Ard-Aighne.
- Tuairimí agus comhairle a cuireadh ar fáil mar fhreagra ar Mheamraim Rialtais agus cáipéisí atá le cur faoi bhráid na Comh-aireachta.
- Nótaí mionteagaisc agus ábhar a ullmhaíodh don Ard-Aighne lena n-úsáid ag cruinnithe den Chomh-aireacht.

Straitéis

Úsáid éifeachtúil agus oiliúint leanúnach ar an gcóras rChomh-aireachta.

Freagra tráthúil ar iarratais ar chúrsaí rChomh-aireachta.

Freagairt ar mheamraim Rialtais de réir mar a éilíonn Lámhleabhar na Comh-aireachta.

Coinneáil dlúthchaidrimh agus cumarsáide le hoifigigh ábhartha na Ranna Rialtais.

Gnáthaimh phríobháideacha na hOifige a chinnteodh go bhfuil ábhar mionteagaisc ar fáil.

Sprioc Ardleibhéil 2

Seachadadh sainseirbhís ardchaighdeáin chomhairle dlí dár gcliaint.

Aschur

Tuairimí agus comhairle a sholáthar go tráthúil do Ranna Rialtais chun cuidiú leo a riachtanais a shásamh, go háirithe maidir le comhlíonadh na dtiomantas is gá faoin gClár AE/IMF maidir le Tacaíocht Airgeadais d'Éirinn agus faoi Chlár an Rialtais de réir mar a fhorfheidhmíonn an Rialtas í.

Toradh

Aimsiú na spriocanna a leag clár an AE/IMF síos le linn a chúrsa, agus aimsiú na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí a leag an Rialtas síos i gcomhall riachtanais an Bhunreachta, Dhlí an Aontais Eorpaigh agus dhualgais na gconarthaí idirnáisiúnta.

Táscairí Feidhmíochta

- Caighdeán agus líon na gcomhairlí do chliaint.
- Seachadadh comhairle de réir amlínte comhaontaithe.
- Aiseolas ó chliaint.

Straitéis

- Comhlíonadh an Treoirleabhair Seirbhíse Cliaint agus an Chairt Cliaint agus Custaiméara.
- Forfheidhmiú agus feidhmiú céimneach na Feidhme dlíthiúla Fios Gnó.
- Coinneáil Aonad Leabhralainne agus FG d'ardchaighdeán, cothú chultúr na Bainistíochta Eolais agus forfheidhmiú Straitéis na Bainistíochta Eolais.
- Coinneáil agus athbhreithniú bheartais bainistithe rioscaí na hOifige.
- Tiomantas d'oiliúint agus d'fhorbairt gach ball foirne.
- Feidhmiú optamach leanúnach na n-acmhainní daonna lena n-áirítear PMDS.
- Coinneáil agus forbairt thaifid na gcásanna comhtháite agus chóras bainistithe na gcomhad.
- Córais fheabhsaithe chun faisnéis agus cumarsáid a riar in imshaol casta ildhisciplíne.

Sprioc Ardleibhéil 3

Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta don Rialtas a bheidh ghairmiúil éifeachtúil agus d'ardchaighdeán.

Aschur

Billí Rialtais de réir Chlár Reachtaíochta an Rialtais, faoi réir tosaíochta do

- Reachtaíocht atá riachtanach faoi Chlár an AE/IMF agus
- Cúrsaí tosaíochta agus práinneacha mar a ordaíonn an Comh-aireacht.

Leasuithe ar Bhillí ag an gCéim Coiste agus Tuairisce curtha ar fáil go tráthúil.
Ionstraimí reachtúla, lena n-áirítear na rialacha a thugann éifeacht d'achtanna na gComhphobal Eorpach.
Orduithe Rialtais faofa ag an gComh-aireacht.

Toradh

- Seachadadh dréacht-reachtaíocht mar atá leagtha síos i gClár an AE/IMF agus mar a éilíonn an Rialtas, de réir na dtreoracha a thugann Ranna Rialtais.
- Dréacht-reachtaíocht a réitíonn le riachtanais dlíthiúla na hÉireann agus an AE.
- Dréacht-reachtaíocht a réitíonn le cuspóirí beartais an Rialtais i dtéarmaí cúrsaí fostaíochta, agus an t-imshaol gnó a spreagadh agus Clár um Rialáil Níos Fearr an Rialtais a chur chun cinn.

Táscairí Feidhmíochta

- Líon agus méid na mBillí.
- Líon na Leasuithe don Chéim Coiste.
- Líon na Ionstraimí Reachtúla.
- Aiseolas ón gCliant.

Straitéis

- Comhpháirtíocht i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais chun monatóireacht agus maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú chlár Reachtaíochta an Rialtais.
- Dlúthchaidrimh oibre a choinneáil le Ranna Rialtais agus na hoifigigh a theagasc.
- Feidhmiú an Chórais um Dhearbhú Cáilíochta do dhréacht-reachtaíocht.

- Forbairt leanúnach agus oiliúint i scileanna dréachtaithe.
- Forbairt Fios Gnó.
- Forfheidhmiú agus úsáid an Bhinse Oibre Reachtaíochta i gcomhar le Oifig na mBillí agus le Tithe an Oireachtais.

Sprioc Ardleibhéil 4

Tacú agus cuidiú le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.

Aschur

- Faisnéis a sholáthar don Rialtas faoi chásanna suntasacha a chruthaíonn rioscaí ó thaobh dlí nó airgeadais de.
- Comhordú comhairle ar bhonn an Rialtais in iomlán. Coinneáil painéal abhcóidí agus faisnéisiú abhcóidí thar ceann an Stáit chun seirbhísí comhairle agus dlíthíochta a sholáthar. Coinneáil agus nuashonrú Leabhar Reachtanna leictreonach na hÉireann (r-LRÉ).

Toradh

Cuidiú le Ranna a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach dlíthiúil comhsheasmhach ar bhonn an Rialtais in iomlán. Comhordú agus comhroinnt comhairle chun comhsheasmhacht agus réiteach le riachtanais dlí a chinntiú.

Táscairí Feidhmíochta

- Tuairiscí don rialts ar chásanna íogaire.
- Cruinnithe athbhreithnithe le Ranna agus le Comhairleoirí Dlí.
- Dlúth-theagbháil le Comhairleoirí Dlí agus le Daoine ar Iasacht sna Ranna.
- Rannpháirtíocht i nGrupaí Oibre Idir-Rannacha.
- Aiseolas.
- Foilsiú tráthúil Reachtanna agus Ionstraimí Reachtúla ar r-Leabhar Reachtanna na hÉireann (r-LRÉ).

Straitéis

- Leanúint agus leathnú an Chláir Iasachta trína socraítear dlíodóirí i Ranna.
- Cuidiú le Ranna bunachar sonraí dlí a fhorbairt.

- Úsáid agus forbairt leanúnach chóras bainistíochta na dtaifead comhtháite cásanna agus comhad ACME in OAA agus OPAS.
- Aistriú féideartha réimsí dlíthíochta nó obair dlí chuig gníomhaireachtaí eile mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, nó seachfhoinsiú.
- Comhroinnt seirbhísí agus foirne dlí na ngníomhaireachtaí éagsúla Stáit i ndlíthíocht, nuair is cuí.

Sprioc Ardleibhéil 5

Sainseirbhís ardchaighdeáin abhcóide a sheachadadh don Ard-Aighne, Ranna agus Oifigí i réimsí dlíthíochta, agus sainchomhairle dlí agus sainseirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i gcúrsaí maoine agus idirbheartaíochta.

Aschur

Rannpháirt i gcaingin dlí thar ceann an Stáit agus ag cosaint leas an Stáit i ndlíthíocht. Soláthar comhairle dlí agus seirbhísí i gcoitinne. Soláthar sainchomhairle dlí agus sainseirbhísí maidir le idirbhearta maoine agus conarthaí Rialtais.

Toradh

Bainistiú éifeachtúil dlíthíochta thar ceann an Stáit. Íoslaghdú nochtadh an Stáit ó thaobh damáistí agus costais. Measúnú na gceachtanna atá foghlamtha de thoradh dlíthíochta. Soláthar seirbhísí dlí maidir le conarthaí maoine agus i sainréimsí eile.

Táscaire Feidhmíochta

- Líon na gcásanna agus na dlíthíochta nua ar déileáladh leo. Caighdeán agus líon na gcomhairlí do chliaint.
- Seachadadh seirbhísí go tráthúil agus comhlíonadh amspriocanna dlíthíochta. Aiseolas ó chliaint. Gluaiseacht choibhneasta na gcostas dlíthíochta ó bhliain go bliain.

Straitéis

- Monatóireacht a dhéanamh ar dhlíthíocht agus ar chomhairle, chun ceachtanna ábhartha a fhoghlaim agus an fhaisnéis seo a scaipeadh ar fud na hEarnála Poiblí.

- Dlúthchaidreamh a choinneáil le cliaint agus le oifigigh oiliúnaithe. Dlúthchaidreamh a choinneáil idir Príomh-Aturnae an Stáit agus Oifig an Ard-Aighne mar aon le ardleibhéal cumarsáide agus idirmhalartaithe. Leibhéil oiliúna agus forbartha a choinneáil laistigh den Oifig chun cumas na foirne a uasmhéadú. Bainistiú rioscaí laistigh den Oifig a choinneáil, a athbhreithniú agus a leasú. Leanúint ag forbairt bhainistiú an eolais laistigh den Oifig agus an córas bainistithe cásanna a choinneáil agus a fhorbairt idir Príomh-Aturnae an Stáit agus Oifig an Ard-Aighne.

Sprioc Ardleibhéil 6

Seirbhísí comhaimseartha gairmiúla corparáide agus bainistiú gnó a sholáthar san Oifig, a sheachadann seirbhís d'ardchaighdeán.

Aschur

Coinneáil na struchtúir tacaíochta agus feidhmeanna mar Airgeadas, Acmhainní Daonna, Leabharlann agus Fios Gnó, Clárlann, agus áiseanna mar, spás Oifige agus bonneagar TF etc a ligfidh don eagraíocht na Spriocanna thuasluaite a aimsiú.

Toradh

Coinníollacha sásúla oibre agus feidhmiú na hOifige laistigh de na paraiméadair a shocraigh an Rialtas.

Táscaire Feidhmíochta

- An caiteachas laistigh de na teorainneacha buiséid a shocraigh an Roinn um Chaiteachas agus Athchóiriú Poiblí. Aimsiú na dteorainneacha maidir le líon foirne.
- Foireann, seirbhísí agus córais a éascaíonn aimsiú ráiteas bunchuspóra na hOifige.

Straitéis

- Coinneáil leanúnach áiseanna na hOifige, úsáid optamach na n-acmhainní daonna agus bainistiú faisnéise le cúnamh na seirbhíse Leabharlainne agus Fios Gnó, agus na teicneolaíochtaí cumarsáide eolais is fearr a bhfuil teacht orthu ag Oifigí dlí comhaimseartha.
- Coinnigh cumais feidhmithe FMS na hOifige.

- Coinnigh ailtireacht agus bonneagar teicniúil TF na hOifige faoi athbhreithniú, agus cinntigh go leanfaidh siad ag soláthar boinn théagartha chun seirbhísí TF a sheachadadh.
- Forfheidhmigh Plean Athchóirithe na Seirbhísí Poiblí.
- Forbairt leanúnach Fheidhm na Clárlainne agus na dTaifead chun cuidiú leis na feidhmeanna dlí, dréachtaithe agus riaracháin.

Caibidil 4 Monatóireacht agus Tuairiscí ar an bhForfheidhmiú

Ar feadh saolré an Ráitis Straitéise seo, déanfaidh an Oifig monatóireacht chórasúil agus athbhreithniú ar a feidhmíocht agus ar a dul chun cinn, chun na spriocanna ardleibhéil agus na haschuir bhainteacha, na torthaí agus na straitéisí a aimsiú. Ceapadh táscairí straitéiseacha feidhmíochta a ndéanfar feidhmíocht na hOifige a mheasúnú ina n-aghaidh don tréimhse.

Éileoidh forfheidhmiú rathúil na spriocanna, aschur, torthaí agus straitéisí seo díogras agus tiomantas ag gach leibhéal den eagraíocht. Athbhreithneofar an Ráiteas Straitéise dhá uair ar a laghad gach bliain ag na MAC áitiúla agus Príomhúla, chun monatóireacht a dhéanamh ar a fhorfheidhmiú. Forbrófar Pleananna Gnó ag leibhéal an Ghrúpa dlí, na Rannóige agus an Rannáin, agus ag leibhéal an Aonaid Gnó riaracháin, ag leagan amach cláir gníomhartha chun spriocanna, aschuir, torthaí agus straitéisí a fhorfheidhmiú. Úsáidfear na Pleananna Gnó seo, arís, mar bhonn do chláir oibre indibhidiúla na mball foirne, ina bPróifílí Róil PMDS. Athbhreithneofar ár bPleananna Gnó go bliantúil agus ligfidh sin don fhoireann an straitéis agus an phleanáil a fheiceáil mar obair leanúnach, rud a ligfidh don Oifig a bheith solúbtha ag freagairt dár n-imshaol athraitheach.

Glacfaidh an Oifig nó coinneoidh sí meicníochtaí eile chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú ár Ráitis Straitéise. Orthu seo beidh:

- Tuarascálacha Bliantúla na hOifige, a thabharfaidh tuairisc ar an dul chun cinn maidir le spriocanna, aschuir, torthaí agus straitéisí;
- Soláthróidh an t-aistriú go Creat Buiséadaithe Feidhmíochta nasc díreach leis an Ráiteas Straitéise, ag leithdháileadh airgid ar shain-Chláir caiteachais agus ar aschuir agus torthaí bainteacha;
- Coistí Comhpháirtíochta sa dá Oifig;
- Athbhreithneoidh Iniúchóir Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta na hOifige an dul chun cinn maidir le aimsiú gnéithe den Ráiteas Stráiteise;
- Déanfar athbhreithniú eagraíochtúil i gcomhthéacs an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar chumas na hOifige a spriocanna straitéiseacha a aimsiú agus chun cuidiú leis an mbainistíocht aghaidh a thabhairt ar riachtanais na hOifige sa todhchaí;

- Déanfar tagarmharcáil i gcomhthéacs idirnáisiúnta in aghaidh eagraíochtaí comhchosúla;
- An clár Bainistíochta Rioscaí;
- Aiseolas ó chliaint, go foirmeálta i gcomhthéacs cruinnithe bliantúla an Phainéil Custaiméirí agus Cliaint, le suirbhéanna gach dara bliain, agus go neamhfhoirmeálta trí chruinnithe rialta athbhreithnithe le cliaint; agus
- Tionscnaimh a éiríonn as Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí.